

**Moladh an Údaráis Náisiúnta
Iompair (NTA) maidir le Conradh
Dírdhámhachtana a Bhronnadh ar
Bhus Átha Cliath in 2019**

Páipéar Comhairliúcháin

Deireadh Fómhair 2018

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá	4
1.1 Achoimre	4
1.2 Cúlra	4
1.3 Cúlra reachtúil	5
1.4 Cuspóirí.....	7
2. Plé	8
2.1 Céimeanna Measúnaithe	8
2.2 Achoimre ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais.....	8
2.3 Athbhreithniú ar an gComórtas Tairisceana a Tharla le Déanaí.....	10
2.4 Sásamh Custaiméirí	11
2.5 Comhtháthú.....	11
2.6 BusConnects agus an conradh dírdhámhachtana	11
2.7 Leas Eacnamaíochta Ginearálta	13
3. Moladh le haghaidh an Phlé Phoiblí seo	15
3.1 Tátail le haghaidh Plé Poiblí	15
3.2 Sainmholtáí le haghaidh plé	15
3.3 Aighneacht a Dhéanamh	15

Aguisín 1: Seirbhísí sa Chonradh i Nollaig 2019

1. Réamhrá

1.1 Achoimre

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an “tÚdarás”) ag moladh go ndéanfaidh sé conradh dírdhámhachtana eile le Bus Átha Cliath in 2019 chun seirbhísí bus a sholáthar i réigiún cathrach Bhaile Átha Cliath.

Leagtar amach sa pháipéar seo, chun críche comhairliúcháin, an réasúnaíocht is bonn le moladh an Údaráis maidir le bronnadh conartha dírdhámhachtana ar Bhus Átha Cliath chun seirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibriú i gceantar Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019. Is éard is conradh dírdhámhachtana ann ná conradh a bhronntar ar oibrítheoir gan próiseas tairisceana iomaíoch a bheith ann, mar a cheadaítear faoi reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa.

Ba chóir go léifí an páipéar seo i dteannta na bpáipéar seo a leanas, a bheidh ar fáil don phobal le linn na tréimhse comhairliúcháin:

- Tuarascáil ar oibriú chonradh dírdhámhachtana 2014 le Bus Átha Cliath
- Tuairisc Theicniúil faoi na Roghanna Conartha

1.2 Cúlra

Is gné ríthábhachtach d'fhás eacnamaíochta agus d'fholláine shóisialta réigiún chathair Bhaile Átha Cliath é soláthar seirbhís bus rialta ar ardchaighdeán, agus an tseirbhís sin comhtháite mar is cuí le foirmeacha eile iompair phoiblí. Cuireann busanna ar chumas daoine taisteal chuig an obair agus chuig ionaid tráchtála nó miondíola, agus tá tábhacht ar leith ag baint leo dóibh siúd nach bhfuil carr acu. Is feidhm shóisialta thábhachtach atá ag busanna mar go nascann siad pobail lena chéile agus leis na seirbhísí atá uathu. Anuas air sin, ba chóir go spreagfadh seirbhís bus ardchaighdeán níos mó daoine chun taisteal ar an mbus seachas sa charr, rud a laghdódh an tionchar ar an timpeallacht a bhaineann le taisteal i gcarranna.

Is fíor go bhfuil seirbhísí bus áirithe ag teastáil ar chúiseanna sóisialta b'fhéidir, ach nach bhfuil siad inmharthana ar bhonn tráchtála, agus chun dul i ngleic leis seo, tá cead ag an stát, faoi dhlíthe na hÉireann agus na hEorpa, fóirdheontais a sholáthar do chonarthaí a éilíonn ar oibritheoirí, rud ar a dtugtar Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (PSOanna) a chur ar fáil.

Na seirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí laistigh de réigiún chathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair, is é Bus Átha Cliath, faoi chonradh dírdhámhachtana leis an Údarás Náisiúnta Iompair, agus Go-Ahead, mar thoradh ar phróiseas tairisceana iomaíoch, atá á gcur ar fáil. Rachaidh an conradh dírdhámhachtana le Bus Átha Cliath in éag ar an 30 Samhain 2019. Ní mór don Údarás anois machnamh a dhéanamh ar conas a sholáthróidh sé seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí i mBaile Átha Cliath tar éis don chonradh reatha dul in éag. Na roghanna a chaithear a phlé ná an cóir conradh dírdhámhachtana eile a bhronnadh ar Bhus Átha Cliath, nó an cóir seirbhísí poiblí bus uile Bhus Átha Cliath a chur amach ar tairiscint, nó an cóir meascán den dá rud sin a roghnú, is é sin, cuid de na seirbhísí a chur amach ar tairiscint agus conradh dírdhámhachtana laghdaithe a bheith ann le haghaidh na seirbhísí atá fágtha.

Déantar mionscrúdú ar na roghanna thuas sa tuairisc seo agus cuirtear béim faoi leith ar na príomhcheisteanna i dtaca leis an gcinneadh is gá a dhéanamh faoi mholadh cuí don mhargadh bus i mBaile Átha Cliath.

Is iad seo a leanas na moltaí atá ann de bharr na tuairisce:

- Moladh go leanfaí den chonradh dírdhámhachtana a bhronnadh ar Bhus Átha Cliath le go n-oibreoidís sciar suntasach de na seirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i mBaile Átha Cliath ó Nollaig 2019.

Ina theannta sin, tá an tÚdarás tar éis tabhairt faoi athbhreithniú ar oibriú na seirbhísí bus poiblí atá i gceist i gconradh dírdhámhachtana 2014, agus tá sé tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna conartha teicniúla atá ar fáil don Údarás. Beidh an dá thuairisc ar fáil le linn na tréimhse comhairliúcháin seo.

1.3 Cúlra reachtúil

In 2007, glacadh le **Rialachán CE 1370/2007 – maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar**. Tá creat ann mar thoradh ar an Rialachán, ina rialaítear conas a bhronnann Ballstáit cearta eisiacha le haghaidh seirbhísí iompair agus conas a íocann siad cúiteamh as seirbhísí iompair, lena n-áirítear Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí (PSO).

Is é cuspóir an Rialacháin ná trédhearcacht a chinntiú maidir le bronnadh fóirdheontais le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí, agus chuige seo, ceangal a chur ar na seirbhísí iompair PSO uile a bheith faoi réir conarthaí.

Agus í á hullmhú féin do Rialachán CE 1370/2007, chuir Éire reachtaíocht ar aghaidh in dá chéim; bhain an chéad chéim le hachtú an **Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (an tAcht DTA)** agus bhain an dara céim leis an **Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 (an tAcht PTR)**.

Mar thoradh ar achtú an dá Acht seo, bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, a bhfuil mar cheann dá phríomhfheidhmeanna “... *soláthar seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí a áirithiú*” (alt 11(1)(e)(i) d'Acht 2008) agus chuige seo, dul i mbun conarthaí seirbhísí iompair phoiblí (alt 48). Maidir le soláthar seirbhísí bus poiblí, sonraítear san Acht (alt 52) nach mór don Údarás é seo a dhéanamh trí chonarthaí dírdhámhachtana ná mar thoradh ar phróiseas tairisceana iomaíoch. I gcás na seirbhísí a bhí á n-oibriú an tráth sin ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, chuir an tAcht ceangal ar an Údarás go mbeadh tréimhse 5 bliana ag baint le conarthaí dírdhámhachtana a dhéanfadh sé leis an dá chuideachta (alt 52).

Bhronn an tÚdarás Náisiúnta Iompair trí chonradh dírdhámhachtana PSO i Nollaig 2009 i gcomhair oibriú seirbhísí iompair phoiblí a raibh fóirdheontais ag teastáil uathu; ar Bhus Átha Cliath chun seirbhísí bus a oibriú laistigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar Bhus Éireann chun seirbhísí bus a oibriú in áiteanna eile laistigh den Stát, agus ar Iarnród Éireann chun seirbhísí iarnróid a oibriú ar fud na tíre. I gcás Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, rinne na cuideachtaí seirbhísí áirithe a shainaithe, a bhí á n-oibriú acu ar bhonn tráchtála, agus fágadh na seirbhísí seo lasmuigh de na conarthaí PSO.

Ba ar feadh thréimhse cúig bliana a bhí an conradh PSO idir Bus Átha Cliath agus an tÚdarás i dtús báire.

Éilítear san Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath (arna leasú), i gcás go bhfuil ar intinn ag an Údarás dul i mbun conarthaí dírdhámhachtana eile ina dhiaidh sin, ní féidir leis é seo a dhéanamh “ach i gcás gur deimhin leis nach féidir a ráthú ar mhaithe leis an leas eacnamaíochta ginearálta go leanfaidh na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí lena mbaineann na conarthaí de bheith leordhóthanach ach amháin trí na conarthaí dírdhámhachtana sin a dhéanamh.”

In 2013, tar éis athbhreithniú ar oibriú an chonartha seo, chomh maith le comhairliúchán margaidh agus dul i gcomhairle go reachtúil leis an oibritheoir ceannasach agus le páirtithe leasmhara eile, lena áiríodh úsáideoirí na seirbhísí bus, chinn an tÚdarás go mbronnfadh sé conradh dírdhámhachtana i gcomhair oibriú bealaí PSO i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar

Bhus Átha Cliath ar feadh thréimhse eile cúig bliana ó Nollaig 2014 go dtí Nollaig 2019, ar an gcoinníoll go mbainfí méid áirithe busbhealaí ar bhruach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, arbh ionann an méid sin agus thart ar 10% de na seirbhísí ina n-iomláine sa chonradh, den chonradh dírdhámhachtana, agus go gcuirfí na seirbhísí sin amach ar tairiscint iomaíoch.

Tugadh an comórtas tairisceana seo chun críche níos luaithe i mbliana (2018), agus bronnadh conradh ar Go-Ahead Ireland chun na busbhealaí ar bhruach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a oibriú. Aistrefar na busbhealaí ar bhonn céimnithe ó Bhus Átha Cliath go dtí Go-Ahead Ireland idir fómhar 2018 agus go luath in 2019.

Roimh Nollaig 2019, ní mór don Údarás cinneadh a dhéanamh cibé acu an mbronnfaidh ná nach mbronnfaidh sé conradh dírdhámhachtana ar Bhus Átha Cliath chun cuid den ghréasán bus atá fágtha sa chonradh Bhus Átha Cliath, nó é ar fad, a oibriú don tréimhse cúig bliana atá romhainn amach.

Cuireann Rialachán 1370 ceangal ar an Údarás freisin a chinntiú go gcuirfear fógra san Iris Oifigiúil “... bliain ar a laghad sula seolfar an glao ar thairiscintí nó bliain roimh an gconradh dírdhámhachtana” agus go dtabharfar míniú san fhógra ar an gcineál conartha a bhfuiltear ag súil lena bhronnadh agus ar na seirbhísí agus na réimsí a d'fhéadfadh a bheith cuimsithe sa chonradh a bhronnfar (Airteagal 7(2)).

Áit a bhfuil ar intinn ag an Údarás dul i mbun conartha dírdhámhachtana, dearbhaítear in alt 52(6) d'Acht 2008 go *lorgóidh sé agus breithneoidh sé aighneachtaí ó shealbhóir an chonartha dírdhámhachtana atá i gceist agus ó aon pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear úsáideoirí na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí is ábhar don chonradh.*”

1.4 Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Údaráis agus é ag iarraidh dul i mbun aon chonradh seirbhísí poiblí bus:

- i. Seirbhísí bus inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar, agus an luach is fearr ar airgid a chinntiú don Státchiste san am céanna;
- ii. Cinntiú go bhfuil na hoibritheoirí faoi chonradh ag comhlíonadh théarmaí a gconarthaí agus é seo a mhonatóiriú go láidir, agus forfheidhmiú comhlíonta a chur i bhfeidhm freisin;
- iii. Eispéiris na gcustaiméirí ó thaobh iompar poiblí de a fheabhsú;
- iv. Cinntiú nach gcuirfear comhtháthú iompair phoiblí i mbaol; agus
- v. An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, Rialachán CE 1370/2007 agus riachtanais an AE maidir le soláthar, a chomhlíonadh.

2. Plé

2.1 Céimeanna Measúnaithe

Táthar tar éis tabhairt faoi mheasúnú roghanna an Údaráis i dtaca le seirbhísí bus a sholáthar faoi chonarthaí seirbhíse poiblí bus in 2019.

Is iad seo a leanas na céimeanna measúnaithe a bhí ann:

- Na príomhriachtanais a bhaineann le haon chonradh seirbhísí bus sa todhchaí a shainaithint;
- Mionscrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le comhtháthú leantach iompair phoiblí a chinntiú;
- Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna straitéiseacha i dtaca le seirbhísí bus i mBaile Átha Cliath a chur amach ar tairiscint;
- Machnamh a dhéanamh ar aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na hoibritheoirí reatha ná aon oibritheoirí nua ar an margadh;
- Athbhreithniú ar cheisteanna dlíthiúla;
- Athbhreithniú ar fhorbairtí bus níos ginearálta sna réigiúin i dtaca leis an straitéis conartha;
- Athbhreithniú ar leibhéal sásaimh na gcustaiméirí;
- Athbhreithniú ar oibriú an chonartha dírdhámhachtana reatha, agus
- Forbairt moltaí maidir le scóip conarthaí a rinneadh i Nollaig 2019, cibé acu an conarthaí dírdhámhachtana ná conarthaí de bharr próiseas tairisceana a bhí iontu.

2.2 Achoimre ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais

Tá an tÚdarás tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chonartha reatha, a chlúdaíonn an tréimhse ó Nollaig 2014, tráth ar bronnadh é, go dtí deireadh 2017. Le linn na tréimhse sin, thug an tÚdarás modhanna nua leasaithe isteach ar bhonn céimnithe chun feidhmíocht oibritheoirí a mheas i dtaca le hiontaofacht, poncúlacht agus caighdeán seirbhísí do chustaiméirí.

Tá cur síos mionsonraithe ar fheidhmíocht na gconarthaí PSO le linn na tréimhse 2015 go 2017 le fáil i gCuid 3 den tuarascáil “Feidhmíocht Chonradh Dírdhámhachtana Bhus Átha Cliath.”

I gcaitheamh na tréimhse trí bliana ó 2015 go dtí 2017, bhain Bus Átha Cliath leibhéal maith comhlíonta amach i gcoitinne maidir leis na hoibleagáidí iontaofachta, poncúlachta agus feidhmíochta.

Tá cruthaithe go maith aige freisin os coinne táscairí maidir le caighdeán seirbhísí do chustaiméirí, go háirithe táscairí leasaithe agus nuashonraithe bunaithe ar thorthaí suirbhéanna rúnsiopaerí arna gcoimisiúnú ag an NTA.

Le linn na tréimhse, bhí méadú 0.5% ar chiliméadair inseirbhíse feithicle a oibríodh, chomh maith le méadú 14% ar líon na bpaisinéirí agus méadú thart ar 10% ar ioncam. Bhí ardú €15.8m nó 6% ar chostas oibríthe na seirbhísí. Bhí méadú €3.7m nó 6% ar an gcúiteamh a d'íoc an NTA ar fhóirdheonú oibriú na seirbhísí idir 2015 agus 2017. Bhí ardú €0.32 nó 6% ar an gcostas in aghaidh gach ciliméadair a oibríodh.

Bliain	Km Feithicle Iomlána a Oibríodh ¹ [Milliún]	Paisinéirí a Iompraíodh [Milliún]	Ioncam a Bailíodh [Milliún]	Costas Oibríochtaí [Milliún]	Costas/km	Cúiteamh Íoctha [Milliún]
2015	47.44	119.82	€205.66	€265.61	€5.59	€57.70
2016	47.14	125.35	€212.08	€276.92	€5.87	€59.56
2017	47.60	136.26	€225.3	€281.37	€5.91	€53.96

¹ Km feithicle iomlána a oibríodh – bealaí PSO amháin

2.3 Athbhreithniú ar an gComórtas Tairisceana a Tharla le Déanaí

Tá athbhreithniú mionsonraithe á chur i bhfeidhm ag an Údarás ar thorthaí an chomórtais tairisceana le haghaidh seirbhísí Bhus Átha Cliath a tugadh chun críche le déanaí. Ag an staid seo, tá an-chuid ceisteanna ar ghá iad a chur san áireamh le go ndéanfaí machnamh ar thairiscintí oscailte eile a bheidh ann. Is iad sin ná:

- a) Cibé an raibh ná nach raibh sábháil costas ann don Údarás mar thoradh ar an bpróiseas tairisceana, agus má bhí, cén leibhéal sábhála a bhí i gceist;
- b) Cé chomh maith is atá an tseirbhís atá á cur ar fáil mar thoradh ar an tairiscint iomaíoch i gcomparáid leis an gconradh dírdhámhachtana le Bus Átha Cliath;
- c) Gan rochtain a bheith ann ar na hiostaí bus reatha i gCóras Iompair Éireann (CIÉ) agus gan aon mholtaí a bheith ann faoi láthair ón NTA maidir le háiseanna iosta a chur ar fáil.

Is gá costais iomlána na n-áiseanna atá á gcur ar fáil ag Go-Ahead agus an NTA chun na seirbhísí ar tairiscint a éascú, chomh maith le costas an chomórtais, a chur in aghaidh sábháil airgid a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar oibríochtaí Go-Ahead lena fháil amach an bhféadfaí luach breise a bhaint as tuilleadh seirbhísí bus a chur amach ar tairiscint.

Tá iniúchadh á dhéanamh faoi láthair ag an Údarás ar bhonn costais Bhus Átha Cliath chun bunphraghas oibriúcháin a fháil ar féidir é a chur i gcomparáid leis an bpraghas a thairg Go-Ahead Ireland. Tá an-chuid gníomhaíochtaí faoi chúram Bhus Átha Cliath nach gá do Go-Ahead a dhéanamh, m.sh. margaíocht, fógraíocht agus deisiúcháin iosta. Is gá féachaint ar chostas na ngníomhaíochtaí seo astu féin le gur féidir comparáid a dhéanamh ar bhonn iontamhla. Tá Bus Átha Cliath tar éis a chur in iúl gurb é €4.90 in aghaidh an chiliméadair an costas oibriúcháin atá acu ar bhunús phraghsanna 2016.

Tá bearna ó thaobh costas de idir Bus Átha Cliath agus Go-Ahead, agus is cuid shuntasach de chostas sheirbhísí Bhus Átha Cliath é an forchostas ó CIÉ de thart ar €6m, nach móide go mbeadh aon laghdú air dá mba rud é go mbeadh níos mó iomaíochta ann. Bheadh sé aistrithe, áfach, chuig méid níos lú seirbhísí PSO sna conarthaí dírdhámhachtana. Ar an gcaoi chéanna, tá costais sheasta eile ann, m.sh. costais iosta bus, a d'fhanfadh ag leibhéal chosúla cibé acu dá gcuirfí seirbhísí amach ar tairiscint ná mura gcuirfí.

Tá tuilleadh oibre ag teastáil maidir le costais chomparáideacha a mheasúnú. Tá Go-Ahead díreach tar éis tús a chur lena gcuid seirbhísí, agus bheadh sé stuama dá mbeadh dhá bhliain sonraí oibriúcháin ar a laghad ar fáil don Údarás sula ndéanfaí comparáid idir oibrítheoirí.

É sin ráite, i bhfianaise an leibhéil difríochta atá idir costais Go-Ahead agus Bhus Átha Cliath, d'fhéadfadh luach breise a bheith ag baint le tuilleadh iomaíochta. Is gá machnamh a dhéanamh ar cheisteanna níos leithne sa chomhthéacs seo, áfach.

2.4 Sásamh Custaiméirí

Déanann an tÚdarás suirbhé sásaimh custaiméirí leathbhliantúil ina dtomhaistear na leibhéil sásaimh i dtaca leis na hoibritheoirí iompair phoiblí fóirdheonaithe uile agus ina sainaitnítear na fadhbanna a mbíonn tionchar acu ar shásamh custaiméirí.

Bhí na freagróirí go láidir den tuairim gurb iad iontaofacht, poncúlacht agus minicíocht na príomh-fhachtóirí i soláthar seirbhíse d'ardchaighdeán. Bhíothas den tuairim gur bunriachtanas é íosmhinicíocht seirbhíse a bheith ann, chomh maith le tiomantas don tseirbhís sin trí choinníollacha conartha láidre, agus gur bunriachtanas freisin é solúbthacht na seirbhíse a chinntiú, mar aon lena cumas, déileáil le hathruithe ar éileamh.

I suirbhé custaiméara a rinneadh ar na mallaibh, bhain Bus Átha Cliath ardleibhéal sásaimh amach; bhí 34% an-sásta agus bhí 61% measartha sásta, arb ionann é agus ráta foriomlán sásaimh 95%, atá díreach pointe níos ísle ná rátáil sásaimh an LUAS agus trí phointe níos airde ná rátáil fhómhar 2017. Baineadh scóir 93%, 95% agus 96% amach i gcomhair iontaofachta, minicíochta agus poncúlachta, faoi seach. Is é tuairim na gcustaiméirí go bhfuil ag éirí le Bus Átha Cliath sna réimsí seo. Léireoidh an tuarascáil feidhmíochta go bhféadfadh feabhsuithe a bheith ann ar phoncúlacht go háirithe.

2.5 Comhtháthú

Tá na custaiméirí go mór i bhfách le comhtháthú níos fearr, lena n-áirítear leathnú ar na tionscnaimh fíor-ama agus cárta Leap. Téama mór eile a bhí ann ná comhtháthú modhanna mar thoradh ar phleanáil gréasán agus naisc clár ama níos fearr.

Is léir ó eispéireas an phróisis tairisceana a bhí ann le déanaí gur gá iarracht agus costas suntasach chun comhtháthú seirbhísí a chinntiú i dtimpeallacht ina bhfuil an-chuid oibritheoirí ag feidhmiú.

2.6 BusConnects agus an conradh dírdhámhachtana

Moltar atheagrú mór an ghréasáin bus i mBaile Átha Cliath mar chuid den tionscadal “BusConnects”, a chuirfear i bhfeidhm in 2020 agus ina dhiaidh. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí leathan maidir leis an ngréasán molta le linn 2018, agus molfar tuilleadh athruithe dá bharr. Ní mheastar go mbeidh críoch curtha leis an ngréasán ná go

mbeidh mionsonraí ann ina leith roimh an dáta ar a mbronnfaidh an tÚdarás conradh 2019. Ar an ábhar seo, is dóchúil go mbronnfaidh an tÚdarás conradh i gcomhair oibriú na mbealaí ar chaoi a bheidh ag teacht i gcoitinne le gréasán reatha Bhus Átha Cliath. Tar éis bhronnadh an chonartha, agus chomh luath is a bheidh an gréasán bus leasaithe tugtha chun críche, beidh ar an Údarás dul i mbun idirbheartaíochta chun na gréasáin agus seirbhísí bus leasaithe a chur san áireamh.

Go luath i saolré an chonartha nua, agus chomh luath is a dhearbhfófar gréasán bealaí deiridh BusConnects, beidh ar an Údarás obair i gcomhar le Bus Átha Cliath chun na bealaí agus na leibhéil seirbhíse seo a athrú ná a leasú ionas go mbeidh siad ag teacht leis na cinn i ngréasán deiridh BusConnects. Chun seo a chur i gcrích, beidh ar an Údarás dul i mbun plé le Bus Átha Cliath sraith athruithe ar sheirbhísí conartha a chomhaontú.

Agus na hathruithe conartha seo á bplé ag an Údarás, beidh air aird ar leith a dhíriú ar thrí ghné go háirithe, mar atá, (1) an costas athraithe a ghearrfaidh Bus Átha Cliath ar an athrú, agus cibé acu an féidir ná nach féidir le Bus Átha Cliath an t-athrú riachtanach a chur i bhfeidhm sa chaoi go mbeidh luach ar airgead i gceist don Údarás, (2) cumas Bhus Átha Cliath riachtanais feidhmíochta na seirbhíse a chomhlíonadh, lena n-áirítear iontaofacht, poncúlacht, rialtacht agus ardchaighdeáin seirbhísí do chustaiméirí, agus (3) an t-amscála a bhaineann le cur i bhfeidhm an athraithe, agus cibé acu an mbeifear ná nach mbeifear in ann é a chur ar fáil ar bhealach a thagann le cur i ngníomh foriomlán cláir feidhmithe an ghréasáin BusConnects.

Más rud é go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil an iomarca costas ag baint leis na hathruithe ar bhealaí ná leibhéil seirbhíse, nó go bhfuil deacrachtaí ag baint leis na hamscálaí feidhmithe atá á moladh ag Bus Átha Cliath, coimeádann an tÚdarás an ceart aige féin na seirbhísí ábhartha a chur amach ar tairiscint iomaíoch ionas go mbeifear in ann gréasán seirbhísí BusConnects a sholáthar go tráthúil agus ar bhonn cost-éifeachtúil.

An scála a bhaineann leis na hathruithe ar sheirbhísí bus a bhfuiltear ag súil leo sa ghréasán BusConnects, lena n-áirítear tabhairt isteach busbhealaí iomlán nua in áiteanna áirithe, ciallaíonn sé go mbeidh ar an Údarás machnamh a dhéanamh ar na bealaí sin a chur leis an gconradh dírdhámhachtana le Bus Átha Cliath nó a chur amach ar tairiscint iomaíoch, cibé acu sin is cuí.

Tá athruithe suntasacha ar an mbonneagar bóithre ar chonairí bus gathacha pleanáilte freisin mar chuid den tionscadal “BusConnects” agus is dóchúil go gcuirfear i bhfeidhm iad ó 2020 i leith. Cé gur chóir go bhfeabhsódh na hathruithe seo amanna oibríthe ar an-chuid bealaí gathacha sa mheántearma, tá an dóchúlacht ann go gcuirfear isteach go mór ar amanna aistear bus ó thaobh iontaofachta agus poncúlachta de, le linn don uasghrádú bonneagair a bheith ar siúl.

Tá an tÚdarás den tuairim go bhfuil riosca airgeadais ag baint leis in aon idirbheartaíocht, tar éis do chonradh a bheith bronnta, le hoibritheoir maidir le costas athruithe seirbhíse den scála atá á mholadh ag BusConnects. D'fhéadfadh na rioscaí seo a bheith níos mó i gcás oibritheoir bus atá tar éis freagairt ar thairiscint le haghaidh oibriú gréasáin, ach go ndéantar an gréasán sin a athshonrú go mór díreach tar éis don chonradh a bheith bronnta.

Measann an tÚdarás freisin go bhfuil riosca airgeadais ag baint leis in aon idirbheartaíocht, tar éis do chonradh a bheith bronnta, le hoibritheoir bus maidir le híocaíochtaí breise chun freastal ar na sceidil bhus leasaithe a theastaíonn chun caighdeáin an chonartha ó thaobh feidhmíochta de a chomhlíonadh le linn céim tógála an bhonneagair tosaíochta bus. D'fhéadfadh na rioscaí seo a bheith i bhfad níos mó i gcás oibritheoir bus atá tar éis tairiscint a dhéanamh ar an mbonn gur dóchúil go mbeidh an gréasán bus fós ag oibriú faoi na cúinsí oibriúcháin céanna leo siúd a bhí i bhfeidhm de réir sonraí stairiúla.

De rogha air sin, d'fhéadfadh an tÚdarás tairgeoir a chur ar eolas ag staid na tairisceana faoi scála na hoibre tógála ar an mbonneagar a d'fhéadfadh a bheith ar siúl feadh conairí gathacha le linn shaolré an chonartha, agus d'fhéadfadh an tÚdarás ceangal a chur ar an oibritheoir, seirbhísí a eagrú sa chaoi go mbeadh na caighdeáin chonartha maidir le poncúlacht agus iontaofacht á gcomhlíonadh i gcónaí le linn na tógála. Sa chás seo, tá seans ann go mbeadh a thuairim féin ag an tairgeoir faoi na hacmhainní is dóichí a bheadh ag teastáil chun sceidil iontaofa phoncúla a chinntiú. Má tá eolas mionsonraithe ar fáil ar scála ná fad aon chur isteach a bheadh ann de bharr na n-oibreacha, tá an-seans go gcuimseodh an tairgeoir biseach riosca suntasach leis an tairiscint.

I gcás na mbusbhealaí agus na leibhéal seirbhíse a áiríodh i gconradh Nollaig 2019, moltar go mbeidís ag teacht leis an ngréasán a bheidh i bhfeidhm ag Bus Átha Cliath ag an am.

2.7 Leas Eacnamaíochta Ginearálta

Éilíonn Alt 52(6)(c)(ii) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 nach foláir don Údarás a bheith *sásta* “nach féidir a ráthú” go mbeidh leordhóthanacht leanúnach ag baint le seirbhísí paisinéara ar bhusanna poiblí ar mhaithe leis an leas eacnamaíochta i gcoitinne ach amháin trí dhul i mbun conradh dírdhámhachtana ina dhiaidh sin.

Na príomhbhuntaistí a bhaineann le seirbhísí iompair poiblí a chur amach ar tairiscint, eascraíonn siad ó iarmhairtí brú iomaíoch agus disciplín an mhargaidh. Nuair a chuirtear seirbhís amach ar tairiscint, baintear leas as fórsaí an mhargaidh sa chaoi go nochtar an t-oibritheoir is éifeachtúla ó thaobh na heacnamaíochta de, agus bíonn costais níos ísle i gceist dá bharr. Is féidir freisin go mbeadh leibhéal níos fearr caighdeán seirbhísí do chustaiméirí ina ghné de chritéir bhronnadh an chonartha. Anuas air sin, is féidir feidhmíocht a thagarmharcáil má bhíonn go leor oibritheoirí i margadh.

Is léir ó eispéiris réimse tíortha go bhfuil buntáistí ag baint le seirbhísí bus poiblí a chur amach ar tairiscint iomaíoch. Is dearfach na torthaí a bhí ann de bharr aistriú tosaigh i dtreo tairiscint iomaíoch, cé nach mór a lua mar nóta rabhaidh go bhféadfadh costais aonad mhéadaithe ón gcéad tairiscint a bheith ann mar thoradh ar an dara bronnadh conartha nó mar thoradh ar chinn ina dhiaidh sin, in ainneoin na mbuntáistí a bhaineann leo fós ó thaobh costas de. Cé gur forbairtí a bheadh soiléir sa chás gan aon tairiscintí is cúis le cuid de na méaduithe feiceálacha (mar shampla, méadú ar phraghsanna breosla agus ar rudaí eile), tá cuid eile de na méaduithe ar a laghad ann mar thoradh ar mhaolú na ngnóthachan a bhí ann i dtús báire de bharr forbairtí margaidh amhail tuilleadh sainriachtanas a bheith ag teastáil ó na húdaráis agus níos mó taithí a bheith gnóthaithe ag na tairgeoirí. Ach d'ainneoin an méid thuas, is léir ón litríocht gur féidir luach níos fearr ar airgead a bhaint amach má théitear i muinín tairiscintí iomaíocha.

Buntáiste eile a luaitear i gcomhthéacs aistriú chuig tairiscintí iomaíocha ná an fhéidearthacht i dtaca le leibhéal feabhsaithe seirbhísí do chustaiméirí a ghnóthú. Tá fianaise ann go bhfuil seirbhísí tar éis feabhsú agus tá aird dírithe ag an Údarás Iomaíochta ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis seo.

Tá an margadh bus paisinéirí i mBaile Átha Cliath an-mhór. In 2017, rinneadh 136 milliún aistear paisinéara. Is léir gur margadh tábhachtach é seo, agus tá tús áite á thabhairt ag an Údarás ina chuid caibidlí do thábhacht straitéiseach fheidhmiú an mhargaidh sin i dtaca le feidhmíocht réigiúnach agus eacnamaíoch na tíre. Is suntasach na costais agus na rioscaí a d'eascródh as comórtas nach ndearnadh machnamh imleor air roimh ré. Ar an ábhar sin, is gá a bheith cúramach maidir le haon dul chun cinn a dhéantar, fiú má tá feidhmíocht a leithéid sin d'athruithe cruthaithe cheana i ndlínsí eile.

Ní rud stuama a bheadh ann an margadh sin ina iomláine a chur amach ar tairiscint in aon chonradh amháin, agus ní bheadh seo ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta i dtaca le comórtais mhargaidh tosaigh. Mar thoradh ar mhéid na n-athruithe a tharlóidh i gclár BusConnects le linn na tréimhse cúig bliana atá romhainn amach, agus toisc nach bhfuil aon tástáil déanta ar an oscailt margaidh atá tagtha chun cinn, tuigtear don Údarás gurb ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne é, conradh dírdhámhachtana a bhronnadh ar Bhus Átha Cliath i gcomhair seirbhísí i Nollaig 2019 den scála céanna a oibreofar ag deireadh an chonartha reatha.

Is chun leasa custaiméirí iompair phoiblí é freisin go dtabharfaí conradh Ollchostais le dreasachtaí isteach, chomh maith le dreasachtaí agus pionóis eile chun eispéiris na gcustaiméirí a fheabhsú.

3. Moladh le haghaidh an Phlé Phoiblí seo

3.1 Tátail le haghaidh Plé Poiblí

Measann an tÚdarás gurb ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne é go gcoinneodh Bus Átha Cliath an leibhéal céanna seirbhísí don chéad 5 bliana atá romhainn is a bheidh acu i Nollaig 2019.

3.2 Sainmholtáí le haghaidh plé

Tá ceangal ar an Údarás beart comhairliúcháin reachtúil a chur i ngníomh tráth a mbeidh cinneadh déanta aige ar chineál agus ar mhéid molta an chéad chonartha dírdhámhachtana eile atá molta

Leagtar amach sa pháipéar seo, chun críche comhairliúcháin, an cúlra le moladh an Údaráis maidir leis an gconradh dírdhámhachtana atá le tabhairt do Bhus Átha Cliath chun seirbhísí bus Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibriú laistigh de limistéar Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019, chomh maith leis an réasúnaíocht a bhaineann leis an moladh seo. Tá doiciméid eile ann a thacaíonn leis an bpáipéar seo agus ar féidir iad a léamh nuair a bheidh na moltaí á mbreithniú.

Molann an tÚdarás an méid seo a leanas:

Ar an 1 Nollaig 2019, bronnfar conradh nua ar Bhus Átha Cliath le haghaidh oibriú na seirbhísí uile laistigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, mar atá leagtha amach in Aguisín 1.

Mairfidh an Conradh Dírdhámhachtana ar feadh thréimhse 5 bliana go dtí an 30 Samhain 2024.

3.3 Aighneacht a Dhéanamh

Fáiltíonn an tÚdarás roimh aighneachtaí ná tuairimí i scríbhinn maidir leis na moltaí thuas i gcomhair Chonradh Dírdhámhachtana Bhus Átha Cliath.

Is féidir aighneachtaí ná tuairimí i scríbhinn a sheoladh isteach i ríomhphost chuig 2019buscontracts@nationaltransport.ie nó tríd an bpost chuig:

Conarthaí Bus,

An tÚdarás Náisiúnta Iompair,

Dún Scéine,

Cúirt Uíbh Eachach,

Lána Fhearchair,

Baile Átha Cliath D02 WT20.

Ní mór ainm agus seoladh iomlán údar na haighneachta a chur leis an iarratas agus, ait arb iomchuí, ainm an chomhlachta nó na heagraíochta a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó.

Cuirfear san áireamh na haighneachtaí agus na tuairimí uile a bheidh faighte faoin data sonraithe.

Is é Máirt 30 Deireadh Fómhair 2018 ag 5.00 pm an dáta deiridh i gcomhair aighneachtaí.

Aguisín 1: Seirbhísí sa Chonradh i Nollaig 2019

Scóip an chonartha le Bus Átha Cliath i gCeantar Bhaile Átha Cliath

- A. De réir an chonartha dírdhámhachtana, bronnfar cearta eisiacha ar an oibritheoir, na seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a sholáthraíonn sé a oibriú de réir fhorálacha alt 7 d'Acht Iompair 1958 agus alt 8 d'Acht Iompair (atheagrú Córais Iompair Éireann) 1986 laistigh de chathair Bhaile Átha Cliath agus de na contaetha Fhine Gall, Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus na limistéir thadhhlacha.
- B. Na seirbhísí a oibreofar faoin gconradh, áireofar leo na cinn atá cuimsithe sa chonradh reatha, arna liostú i dTáblaí A1 agus A2 thíos, ach go gcuirfí san áireamh go bhféadfadh an tÚdarás athruithe a dhéanamh ar eilimintí den chonradh dírdhámhachtana reatha ná nua, athruithe a bhaineann le soláthar na seirbhísí atá ina gcuid den chonradh, faoi réir gan aon leasú a bheith déanta ar scóip an chirt eisiach a ndéantar tagairt dó in (i) thuas.
- C. Moltar go mbeadh tréimhse 5 bliana ag baint leis an gconradh.

Tábla A1:
Seirbhísí do Chonradh Dírdhámhachtana 2019
(gan Nitelink a áireamh)

Bealach	Cur síos
1	Seantrabh (Bóthar Sheanaird) go dtí Dumhach Thrá (Eaglais Naomh Eoin)
4	Ó Bhaile Anraí go dtí Ascaill Bhaile na Manach
7	Ó Chearnóg Mhuinseo i dtreo Bhaile Uí Lachnáin
7a	Ó Chearnóg Mhuinseo i dtreo Stop Luas Ghleann Bhríde
7b	Ó Chearnóg Mhuinseo i dtreo Sheanchille
7d	Ó Chearnóg Mhuinseo i dtreo Dheilginse
9	Ó Bhaile Shéarlais i dtreo Ascaill na Tiníleach
11	Ó Pháirc Wadelai go dtí Ionad Gnó Áth an Ghainimh
13	Ó Bhaile Anraí go dtí Caisleán na Gráinsí
14	Ó Beaumont (Bóthar Ard Liath) go dtí Stáisiún Luas Dhún Droma
15	Ó Chluain Ghrífín go dtí Bóthar Bhaile Uí Chuilinn
15a	Ó Bhóthar na Rinne (Sráid na Bearú) i dtreo Ascaill na Tiníleach
15b	Ó Bhóthar na Rinne (Sráid na Bearú) i dtreo an Teampaill Ghil
16	Ó Bhóthar na Rinne (Sráid na Bearú) i dtreo Ascaill Stoicín.
25	Ó Aerfort Bhaile Átha Cliath i dtreo Bhaile an tSaoir (Baile an Rí)
25a	Ó Chearnóg Mhuirfean go dtí Leamhcán (Baile an Dodaigh)
25b	Ó Chearnóg Mhuirfean go dtí Leamhcán (Eaglais Esker)
25d	Ó Chearnóg Mhuirfean go dtí Stáisiún Traenach Bhaile Adaim
25x	Ó Chearnóg Mhuirfean i dtreo Stáisiún Traenach Bhaile Adaim
26	Ó COBÁC Belfield go dtí Leamhcán
27	Ó Chearnóg Mhuirfean go dtí Baile Phámar (Reilig)
27a	Ó Halla an Chláir go dtí Ráth Miontáin
27b	Ó Ché Éidin i dtreo Céide Blunden
27a	Cé Éidin i dtreo Bhaile Anraí
27x	Ó COBÁC Belfield go dtí Halla an Chláir
29a	Ó Shráid na Mainistreach Íochtarach go dtí Baile Dúill (Bóthar an Chósta)
31/a	Ó Shráid Thalbóid go dtí Mullach Binn Éadair
31b	Ó Shráid Thalbóid go dtí Mullach Binn Éadair
31d	Ó OCBÁC i dtreo Bhaile Dúill
32	Ó Shráid Thalbóid go dtí Mullach Íde
32x	Ó Mhullach Íde go dtí COBÁC Belfield
33	Ó Shráid na Mainistreach Íochtarach go dtí Baile Brigín
33d	Ó Ché Theach an Chustaim / Faiche Stiabhna i dtreo Phort Reachrann
33x	Ó Ché Theach an Chustaim / Faiche Stiabhna go dtí Sceithrí
37	Ó Shráid Bhagóid / Ardán Wilton i dtreo Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhainséir
38	Ó Bhóthar Burlington i dtreo Bhaile Dama
38a	Ó Bhóthar Burlington go dtí Baile Dama

38b	Ó Bhóthar Burlington go dtí Baile Dama
39	Ó Bhóthar Burlington i dtreo Ongar
39a	Ó COBÁC Belfield i dtreo Ongar
39x	Ó Bhóthar Burlington i dtreo Ongar
40	Ó Ionad Siopadóireachta Bhaile an tSiarlaigh go dtí Ionad Baile Ghleann na Life
40b	Ó Shráid Parnell i dtreo Thobar Buir
40d	Ó Shráid Parnell i dtreo Bhaile an Tirialaigh
41	Ó Shráid na Mainistreach Íochtarach i dtreo Mhainéar Shoirid
41b	Ó Shráid na Mainistreach Íochtarach go dtí Baile an Rólaigh
41c	Ó Shráid na Mainistreach Íochtarach i dtreo Mhainéar Shoirid
41x	Ó COBÁC Belfield i dtreo Chnoc Siáin
42	Ó Shráid Thalbóid go dtí Óstán Sand (Port Mearnóg)
42d	Ó OCBÁC i dtreo Phort Mearnóg
43	Ó Shráid Thalbóid i dtreo Pháirc Ghnó Shoirid
44	Ó OCBÁC go dtí Áth na Sceire
44b	Ó Stáisiún Dhún Droma go dtí Gleann Cuilinn
46a	Ó Pháirc an Fhionnuisce i dtreo Dhún Laoghaire
46e	Ó Pháirc an Fhionnuisce i dtreo Chearnóg Mhuinseo
47	Ó Shráid an Phoill Bhig go dtí Beallairmín
49	Ó Shráid an Phiarsaigh i dtreo Thamhlachta (An Chearnóg)
51d	Ó Ché Aston i dtreo Chluain Dolcáin
51x	Ó Dhún Amhloibh go dtí COBÁC Belfield
53	Ó Shráid Thalbóid i dtreo Chalafort Bhaile Átha Cliath
54a	Ó Shráid an Phiarsaigh i dtreo Ellensborough / Bealach Choill Tobair
56a	Ó Bhóthar na Rinne i dtreo Thamhlachta (An Chearnóg)
61	Ó Ché Éidin go dtí an Teampall Geal
65	Ó Shráid an Phoill Bhig i dtreo Bhaile Coimín / an Bhaile Mhóir
65b	Ó Shráid an Phoill Bhig i dtreo Iarthar na Cathrach
66	Ó Chearnóg Mhuirfean i dtreo Mhaigh Nuad
66a	Ó Chearnóg Mhuirfean go dtí Léim an Bhradáin (Cnoc an Chaptaein)
66b	Ó Chearnóg Mhuirfean go dtí Léim an Bhradáin (Baile an Chaisleáin)
66x	Ó COBÁC Belfield go dtí Maigh Nuad
67	Ó Chearnóg Mhuirfean i dtreo Mhaigh Nuad
67x	Ó COBÁC Belfield go dtí Cill Droichid (Salesian College)
68/a	Ó Shráid Hawkins i dtreo an Chaisleáin Nua / Pháirc Gnó Ghrianóige
68x	Ón gCaisleán Nua / Páirc Gnó Ghrianóige go dtí Sráid Hawkins
69	Ó Shráid Hawkins i dtreo Ráth Cúil
69x	Ó Shráid Hawkins go dtí Ráth Cúil
70	Ó Bhóthar Burlington i dtreo Dhún Búinne
70d	OCBÁC i dtreo Dhún Búinne
77a	Ó Bhóthar na Rinne go dtí Iarthar na Cathrach
77x	Ó Iarthar na Cathrach go dtí COBÁC Belfield
79/a	Cé Aston go dtí Páirc an Spidéil / an Pháirc Thiar (79a)

83	Ó Bhaile Anraí go dtí Camaigh
84/a	Ón gCarraig Dhubh i dtreo an Caisleáin Nua
84x	Ó Shráid Hawkins go dtí an Caisleán Nua / Cill Chomhghaill
90	Ó Stáisiún Heuston go dtí an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
116	Ó Chearnóg Parnell go dtí an Teampall Geal
118	Ó Chill Tiarnáin i dtreo Ché Éidin
120	Ó Shráid Parnell go dtí Stáisiún Traenach Bhaile an Ásaigh
122	Ó Ashington go dtí Bóthar Dhroimeanaigh
123	Ó Bhaile Bhaicín (Bóthar Chill na Manach) i dtreo Marino
130	Ó Shráid na Mainistreach Íochtarach i dtreo Ascaill an Chaisleáin
140	Ó Pháirc Bhaile Phámar i dtreo Fhionnghlaise (Ikea)
142	Ó Phort Mearnóg i dtreo COBÁC Belfield
145	Ó Stáisiún Traenach Heuston go dtí Baile Bhaltraim
150	Ó Shráid Hawkins i dtreo Ros Mór
151	Ó Cheantar na nDugaí (An Bóthar Thoir) go dtí Baile an tSionnaigh (Bóthar Bhaile Gadaí)

Tábla A2:
Seirbhísí Nitelink do chonradh dírdhámhachtana 2019

Bealach	Cur síos
7n	Ó Shráid D'Olier i dtreo na Seanchuille
15n	Ó Shráid D'Olier i dtreo Ellensborough
25n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Bhaile Adaim
29n	Ó Shráid D'Olier i dtreo Bhóthar Bhaile Dúill
31n	Ó Shráid D'Olier go dtí Binn Éadair
33n	Ó Shráid Westmoreland go dtí Baile Brigín
39n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Bhaile an Tirialaigh
41n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Mhainéar Shoir
42n	Ó Shráid D'Olier i dtreo Phort Mearnóg
46n	Ó Shráid D'Olier i dtreo Dhún Droma
49n	Ó Shráid D'Olier i dtreo Thamhlachta (Cill na Manach)
66n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Léim an Bhradáin (Droichead Louisa) via Glen Easton
67n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Chill Droichid / Mhaigh Nuad
69n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Theach Sagard
70n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Dhún Búinne
77n	Ó Shráid D'Olier i dtreo Thamhlachta (Eastát Westbrook)
84n	Ó Shráid D'Olier i dtreo na Clocha Liath
88n	Ó Shráid Westmoreland i dtreo Chill Dhéagláin